Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 8 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12662/23**

**LIMITE**

**POLGEN 121**
**AG 97**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa |

1. An 17 Lúnasa 2023, scríobh Aire Gnóthaí Eachtracha, an Aontais Eorpaigh agus Comhair na Spáinne litir[1] chuig an Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh inar chuir sé in iúl gur chinn Rialtas na Spáinne a iarraidh go gcuirfidh an Chomhairle an Chatalóinis, an Bhascais agus an Ghailísis san áireamh i gcóras teanga an Aontais Eorpaigh.
2. Is éard a mholtar sa litir Rialachán Uimh 1 (IO 17, 6.10.1958, lch. 385), lena rialaítear córas teanga an Aontais Eorpaigh, a leasú, i gcomhréir le hAirteagal 342 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar do na forálacha atá i reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais.
3. An 3 Meán Fómhair 2023, scaip an Spáinn nóta[2] ina raibh togra le haghaidh leasú ar Rialachán Uimh, 1 agus d’iarr sí go dtabharfaí cead don Spáinn an togra seo a chur i láthair lena ghlacadh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta an 19 Meán Fómhair 2023.

[1] 12602/23
[2] 12602/23

4. Dheimhnigh an Uachtaránacht an aidhm sin i gclár sealadach na Comhairle Gnóthaí Ginearálta[3], a eisíodh an 4 Meán Fómhair 2023.
5. Molann an Uachtaránacht go nglacfaí an rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) mar atá molta ag an Spáinn[4].

---

[3] CM 4121/23
[4] 12607/23

PUBLIC